**DON SCRÚDAITHEOIR**

**SCRÚDUIMHIR** ☞ [ ] **Móriomlán na Marcanna** [ ]

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2007
## GAEILGE (BONNLEIBHÉAL)

**(200 marc)**

**AOINE, 8 MEITHEAMH — TRÁTHNÓNA, 2.45 go dtí 4.15**

STAMPA AN IONAID

| | |
|---|---|
| 1. Móriomlán na n-iomlán bunleathanaigh | |
| **Nóta**: Is den riachtanas é go bhfreagródh an marc ag 1 thuas don IOMLÁN sa ghreille ar dheis. | |

| DON SCRÚDAITHEOIR | |
|---|---|
| CEIST | MARC |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| IOMLÁN | |
| CT | |
| **MÓRIOMLÁN** | |
| GRÁD | |




**Thall →**


| ROINN I – LÉAMHTHUISCINT | (100 marc) |
|---|---|


Freagair **gach** ceist.

**CEIST 1.** Scríobh an abairt cheart sa spás faoi gach pictiúr. **(20 marc)**


(a) Tá an phictiúrlann ar oscailt.
(b) Bíonn Laura ag obair in oifig gach lá.
(c) Comórtas cispheile ar siúl i Halla na Scoile.
(d) Cé leis an leabhar seo?
(e) Ghortaigh Seán a chos ag imirt sacair.
(f) Tiomáin go mall! Daoine ag obair.










**CEIST 2**. Léigh an **fógra** thíos agus freagair na ceisteanna atá faoi. **(40 marc)**

**Coláiste Eoin**
**Gaillimh**

## Lá Spóirt

**Dé Sathairn, 26 Bealtaine 2007**

| | |
|---|---|
| 9.00 a.m. | Teacht le chéile i Halla na Scoile. |
| 9.30 a.m. | Rás 100 méadar don tríú bliain. |
| 10.30 a.m. | Cluiche sacair idir an dara bliain agus an tríú bliain. |
| 11.30 a.m. | Comórtas cispheile i Halla na Scoile. |
| 1.00 p.m. | Lón i mbialann na scoile. |
| 2.00 p.m. | Peil Ghaelach – comórtas idir - ranganna. |
| 6.00 p.m. | Bronnfaidh Pádraig Joyce na duaiseanna. |

Foirmeacha iontrála le fáil ón rúnaí ar an Déardaoin agus ar an Aoine tar éis na scoile

**Ceisteanna**

**1.** Cén lá den tseachtain a mbeidh an lá spóirt ar siúl?

| | |
|---|---|
| Déardaoin | |
| Dé hAoine | |
| Dé Sathairn | |

**2.** Cén rang a bheidh páirteach sa rás 100 méadar?

| | |
|---|---|
| An dara bliain | |
| An tríú bliain | |
| An chéad bhliain | |

**3.** Cad a bheidh ar siúl ag 11.30 a.m.?

| | |
|---|---|
| Cispheil | |
| Sacar | |
| Peil Ghaelach | |

**4.** Cén t-am a mbeidh an lón ar siúl?

| | |
|---|---|
| 10.30 a.m. | |
| 11.30 a.m. | |
| 1.00 p.m. | |

**5.** Cé a bhronnfaidh na duaiseanna?

| | |
|---|---|
| An Príomhoide | |
| Pádraig Joyce | |
| An Rúnaí | |

**6.** Luaigh **dhá** rud a bheidh ar siúl i Halla na Scoile.

1. ____________________


2. ____________________

**CEIST 3**. Freagair (a) **agus** (b). **(40 marc)**

Léigh an dá **alt nuachta** seo agus freagair na ceisteanna atá fúthu.

## (a) Na Simpsons ! Ha! Ha !

Thosaigh na Simpsons ar an teilifís sa bhliain 1987. Ón uair sin tá na milliúin duine ar fud an domhain ag féachaint ar na cláir agus ag gáire. Tá 400 clár déanta acu go dtí seo agus tá tuilleadh le teacht. Chomh maith leis sin tá scannán déanta faoi na Simpsons agus beidh sé le feiceáil sna pictiúrlanna gan mhoill. Tá aithne againn go léir ar Homer, Marge, Bart, Maggie agus a gcairde. Bíonn an t-athair, Homer, amaideach i gcónaí ach bíonn an mháthair, Madge, grámhar deas. Bíonn Bart dána ar scoil agus sa bhaile ach is cailín cliste í Lisa. Ní labhraíonn Maggie, an duine is óige sa chlann cháiliúil seo.




**1.** Cén bhliain a thosaigh na Simpsons ar an teilifís? ______________________

**2.** Cén sórt duine é Bart Simpson?

| | |
|---|---|
| Amaideach | |
| Dána | |
| Cliste | |

**3.** Cén duine de na Simpsons nach labhraíonn?

| | |
|---|---|
| Maggie | |
| Marge | |
| Lisa | |

**(b)** # Katie Taylor – Dornálaí agus Imreoir Sacair

Tá Katie Taylor ina cónaí i gCill Mhantáin. Rugadh Katie sa bhliain 1987 agus is breá léi spórt. Is í an dornálaíocht an spórt is fearr léi. Bíonn sí ag dornálaíocht le Club Naomh Fearghal i mBré agus is dornálaí den scoth í.

Bhuaigh sí Craobh na hEorpa den chéad uair sa bhliain 2005. Bhuaigh sí Craobh na hEorpa arís i Vársá sa bhliain 2006. Ansin bhuaigh Katie Craobh an Domhain in New Delhi i mí na Samhna seo caite.

Imríonn Katie sacar le Peamount United agus le Coláiste na hOllscoile i mBaile Átha Cliath.




**Curadh an Domhain**

**1.** Ca bhfuil Katie Taylor ina cónaí? ______________________________

**2.** Cén bhliain a bhuaigh Katie Craobh na hEorpa den chéad uair?

| | |
|---|---|
| 1987 | |
| 2005 | |
| 2006 | |

**3.** Cén áit a raibh Craobh an Domhain ar siúl?

| | |
|---|---|
| i mBaile Átha Cliath | |
| i Vársa | |
| in New Delhi | |




**Thall→**

## ROINN II – SCRÍOBH NA TEANGA (100 marc)

**CEIST 4.** Freagair (a) **nó** (b). **(30 marc)**

(a) Féach ar an bpictiúr atá thíos.

**LAETHANTA SAOIRE i gCONTAE AN CHLÁIR**




Tá tusa agus do mhuintir ar laethanta saoire san áit seo.
Scríobh **cárta poist** chuig do chara ag insint dó/di faoin áit.

**NÓ**

(b) Féach ar an bpictiúr atá thíos.

## LAETHANTA SAOIRE i gCONTAE AN CHLÁIR



**Tá tusa anseo**

Bhí tusa agus do mhuintir ar saoire san áit seo an samhradh seo caite. Seo pictiúr de na rudaí a bhí ar siúl agaibh lá amháin. Ba mhaith leat **cuntas** (6 abairt) faoin lá sin a scríobh i do **dhialann**.

**Freagair na 6 cheist seo agus beidh an cuntas agat.**

**1.** Cén chaoi a raibh an aimsir? ______________________________

**2.** Cad a bhí ar siúl ag do Dhaid? ______________________________

______________________________

**3.** Cad a bhí ar siúl ag do Mhamaí? ______________________________

______________________________

**4.** Cad a bhí ar siúl ag do sheanathair? ______________________________

______________________________

**5.** Cad a bhí ar siúl agat féin? ______________________________

______________________________

**6.** Cad a bhí le feiceáil ar an bhfarraige? ______________________________

**CEIST 5.** Freagair (a) **nó** (b). **(30 marc)**

(a) Léigh an **cuireadh** seo.

# CUIREADH

A Jeaicí,

Beidh Ceolchoirm Mhór na Nollag ar siúl i Halla an Choláiste oíche Dé hAoine. Ar mhaith leat teacht liom go dtí an cheolchoirm sin? Tá dhá thicéad agam agus beidh oíche an-mhaith againn. Beidh sé ag tosú ag 8.00. Tabharfaidh mo mhamaí sinn go dtí an coláiste sa charr. Is féidir linn tusa a bhailiú ag do theach ag 7.30. Tabharfaidh m'athair abhaile sinn nuair a bheidh an cheolchoirm thart.

Do chara,
Laura.

Scríobh an **freagra** ar an gcuireadh sa spás thíos.

**N.B.** Is tusa Jeaicí.

**FREAGRA**

A Laura, a chara,

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________


______________________________________________


______________________________________________

Slán go fóill,
Jeaicí.


**NÓ**

(b)









1. Teilifís 2. An ghrian ag taitneamh 3. Nóta 4. Ag siúl sa pháirc

Tá tusa agus do dheartháir Conal sna pictiúir thuas. Beidh do Mhamaí ar ais ag 7.00 p.m.
Fág **NÓTA** do do Mhamaí. (Áine is ainm duit féin.)

Inis sa **Nóta** :

- cad a bhí ar siúl agaibh sa seomra (Pictiúr 1)
- cad a tharla ansin (Pictiúr 2)
- cá bhfuil sibh imithe agus cad atá ar siúl agaibh (Pictiúr 4).

**<u>NÓTA</u>**

A Mhamaí,

Beimid ar ais go luath,
Áine.


**Thall →**

**CEIST 6.** Freagair (a) **nó** (b). **(40 marc)**

(a) Féach ar an bpictiúr thíos. Bhí tusa ag an g**CÓISIR** seo. Tá tú chun alt gearr a scríobh in Iris na Scoile faoi.

Scríobh **an t-alt** (timpeall 60 focal) sa spás atá faoin bpictiúr.

**Cóisir na Sóisear do Concern i Halla na Scoile**




**Alt**

___

___

___

___

___

___

___

___

**NÓ**

(b) Ba mhaith leat post páirtaimseartha a fháil i rith an tsamhraidh in ollmhargadh i do cheantar.

Líon isteach an **Fhoirm Iarratais** thíos do phost san ollmhargadh.

[**Nóta**: Is tusa Antain Ó Murchú]

## OLLMHARGADH UÍ RIAIN

### Foirm Iarratais

Ainm: Antain Ó Murchú

Seoladh: ______________________________

______________________________

Aois: ______________________________

Breithlá: ______________________________

Cén rang ina bhfuil tú ar scoil? ______________________________

An bhfuil an Teastas Sóisearach déanta agat? ______________________________

An raibh tú ag obair in ollmhargadh nó i siopa roimhe seo? ______________________________

An fearr leat a bheith ag obair ar maidin nó tráthnóna? ______________________________

An féidir leat tosú ag obair go moch ar maidin? ______________________________

An mbeidh tú ábalta obair ag an deireadh seachtaine? ______________________________

An fearr leat a bheith ag obair ar an Satharn nó ar an Domhnach? ______________________________

An fearr leat a bheith ag obair sa stóras nó sa siopa? ______________________________

Luaigh obair ar bith a rinne tú roimhe seo. ______________________________

Cén t-am ba mhaith leat críochnú gach lá? ______________________________

Cén lá den tseachtain a mbeidh tú sásta tosú ar an obair? ______________________________

An bhfuil cead faighte agat ó do thuismitheoirí a bheith ag obair in ollmhargadh? ______________________________

Síniú: *Antain Ó Murchú*

Dáta: ______________________________